COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Luain 14ú de Mheitheamh 2021**
**7.00in – 8.00i.n.**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Luain an 14ú de Mheitheamh ag 7.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., S. Ó T., P. Ó C., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** G. Uí C.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách. Ghabh sé buíochas ó chroí leis an mBord as a bheith i láthair. Mhol an Cathaoirleach obair pobal na scoile as a gcuid oibre agus dúthracht chun ionad slán sábháilte oideachais a chruthú agus a chur chun cinn le linn tréimhse an-dhúshlánach do phobal na scoile. Bhí baill an Bhord d'aon ghuth go raibh siad ag iarraidh chuile rath a ghuí ar scoláirí na hArdteistiméireachta agus iad i lár scrúduithe na hArdteiste. Rinne an Cathaoirleach gach bheannacht a ghuí ar phobal agus foireann na scoile don samhradh.

2. **Miontuairiscí**

   Mhol P. Ó C. le cuidiú ó C. Ó C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol C. Ó C. le cuidiú ó P. Ó C. go nglacfar leo. Scaipeadh roimh ré iad.

**3. Ag éirí as**

Chuir an Príomhoide faoi bhráid an Bord aighneachtaí na scoile i dtaobh Dréachtshonraíochta na Gaeilge don Ardteist. Léadh an litir agus sonraí na litreach agus socraíodh an litir a sheoladh ar aghaidh chuig an gComhairliúcháin le siniú an Cathaoirleach agus Rúnaí an Bhord ar an litir.

**4. Comhfhreagras**

Thug an Príomhoide cur síos ar na comhfhreagras agus Ciorclán éagsúla a bhí tágtha faoi bhráid na scoile ón gcruinniú is déanaí. A lán de na Ciorclán agus comfhreagras ón Roinn Oideachais, bhí scaipthe ar an mbord tríd ríomhphoist roimh ré. Bhí cur síos fada tugtha ag an bPríomhoide ar phróiseas na nGráid Creidiúnaithe agus na roghanna a bhí ag daltaí na scoile. Thug sí mion eolas ar líon na ndaltaí ag tabhairt faoi scrúduithe Ardteiste.

**5. Tuairisc an Rúnaí**

**Teagasc agus Foghlaim**

Cruinniú le Comhairle na dTuismitheoirí, Buíochas leis na baill, M. Ó F. an Cathaoirleach, S. A. an Rúnaí, E. Uí M. teagmhálaí na scoile.

Bliain 1: Scrúduithe an tSamhraidh 2021, Postaer Ealaíona Cruthaithe acu, Gradam na scoile

Bliain 2: Scrúduithe an tSamhraidh 2021, Gradamh ETBI, Clár Craoltóire Sóisearacha buaite, Postaer Ealaíona Cruthaithe acu, Gradam na scoile

Bliain 3: Dalta ag dul ar aghaidh go dtí an Idirbhliain an bhliain seo chugainn. Measúnú Leanúnach agus Scrúduithe an tSamhraidh 2021, Postaer Ealaíona Cruthaithe acu, Gradam na scoile

Bliain 5: Scrúduithe an tSamhraidh 2021, Gradam na scoile

Bliain 6: Measúnú Leanúnach mar ullmhúcháin do na Gráid Creidiúnaithe, Scrúduithe Stáit, Gradam na scoile, Scoláire na Bliana – N. Ní C. Buaiteoirí Gradam BOOGR – N. Ní M. – Ealaíon, A. Ní A. – Acadúil, K. Ní F. – Ceannaireacht, G.Ó hÉ. – Ceoltóir.

Cruinniú fiorúil le daltaí agus tuismitheoirí – Bliain 1 nua.

**Forbairt Gairmiúil**

3 Lá – ETBI – G. Ní C.

Oiliúint ar córas nua – P2P- G. Ní C.

Rúnaí Scoile ag tabhairt faoi 9 uair oiliúnt ar P2P.

Á. B. – Galway Education Centre – Middle Leadership Matters – 5 uair

Positivity for Middle Leaders

C. Ó C. – Developing a Digital Learning Plan – PDST

C. Ó L. – JCT – Grafaic Theicniúil.

**Fás agus Forbairt**

**Idirbhliain**

Pléadh Clár na hIdirbhiana le foireann, tuismitheoirí Bl 3, Coiste na dTuismitheoirí, Comhairle na nDaltaí, Tuistí na Dalta Nua. Cuireadh sleamhnán eolais faoi mbráid. A lán tacaíocht ann don tógra. Beidh idirbhliain ar fáil ar bhun roghnach ag tosnú le grúpa beag don scoilbhliain seo chugainn. Clár curtha le cheile agus eolas tugtha go tuismitheoirí na hIdirbhliana.

Naoinúr dhalta cláraithe don scoilbhliain seo chugainn.

Thug an Príomhoide le fios don Bhord nach raibh aon ainmniúcháin faighte ó thuismitheoirí don folúntas fireann ar an Bhord Bhainistíochta. Mhol an Chathaoirleach le tacaíocht ón ball an Bord go cuirfear an teolas amach ag tús na scoilbhliain i dtaobh an folúntas.

**Airgeadas**

Scaipeadh eolas ar baill an Bhord ar chaiteachas airgead na scoile. Thug na baill am chun tríd an caiteachas agus bailíodh na cáipéisí ag deireadh an chruinniú.

Infreastruchtúr agus struchtúr- Scéim Oibrithe an tSamhraidh – Tá clúdach foscadh á chur ar an gclós ar chúl na scoile.

Caiteachas go dtí seo €25,613.61

Tá €5,000 faighte ag an scoil ó ECC Teo. Nóta buíochas scríobhtá chuig PJ Fahey agus a chlann. Tá an airgead lóisteála sa chuntas bainc ón am sin.

Tá €750 faighte ag an scoil mar duais ón ETBI.

## Comhpháirtíocht agus Nascanna

3 cruinniú le Aileen MacGillacuddy ó mí Aibreáin

Bhí an Príomhoide i dteagmháil le NEPS, BOOGR, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Sagart Paróiste, Coiste Forbartha Corr na Móna, Pleanálaí Teanga agus an Coiste Pleanála Teanga.

6. **Tuairisc ó Choiste Tuismitheoirí**

   Ní raibh aon thuairisc ó choiste na Tuismitheoirí ach tugadh le fios go raibh cruinniú ag Comhairle na dTuistí. Mhol an Cathaoirleach iad agus E.  Uí M. as ucht a ndíograis.

7. **Tuairisc ar Sláinte agus Sábháilteacht**

   Scaiptear ar an mBord eolas uasdátaithe ar socraithe mór-thimpeall ar an paindéimí agus tugadh le fios go mbeadh clúdach foscadh á thógáil i rith an tsamhraidh.

8. **Cur síos ar na post freagrachta**

   Thug Á. B. le fios leis an Bord go bhfuil dhá poist dualgais ag an scoil. Ceann amháin ag leibhéil AP1 agus ceann ag leibhéil Ap2. Cuir sí le fios go raibh sí ceaptha mar Príomhoide Cúnta in Eanáir 2021. Chur sí cur síos ar a gcuid dualgaisí ar an mbord mar Comhordaitheoir Scrúduithe Stáit, ag tacú go laethúil le bainistíochta na scoile, ag cabhrú le cruthú Clár Ama agus thosaigh sí ag breathnú ar an bPlean Uimheartha. Thug sí le fios don Bhord gur oibrigh as lámh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach le linn an príomhghlásan le tuairiscí seachtainiúil a dhéanamh ar dhalta agus iad ag obair ar líne.

   Léigh sí tuairisc ó M. Nic an M. i dtaobh a dualgais mar AP2 mar eagraí Scrúduithe Scoile, Comhordaitheoir mar Scoil Glas agus Eagraí Lá Folláine. Tugadh le fios freisin gurbh í M. Múinteoir Gairmthreorach sa scoile agus cloíonn se seo isteach le Folláin.

9. **A. R. E**

Thug an Cathaoirleach le fios go mbeadh nóta á scríobh aige don nuachtlitir deireanach don scoilbhliain. Ghabh sé buíochas le baill an Bord

as a gcuid ionchur, spéis sa scoil, tuiscint agus saineolas. Ghuí sé chuile rath ar chuile dhuine.

Le sin, cuireadh críoch leis an gcruinniú agus rinne an Cathaoirleach chuile rath a ghuí ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha                    Dáta: 21/10/2021.

**Cathaoirleach**